Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10816/26

RECH 290
MED 31
AGRI 522
MIGR 170
RELEX 863
RHJ 1

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12478/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)<br>- Glacadh |

1. An 19 Iúil 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha chun an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), a leasú agus a fhorlíonadh.

[1] 12476/24+ ADD 1
[2] 12478/24+ ADD 1

2. An 5 Samhain 2024, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh. Ag an am céanna, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14284/24 é, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

3. Síníodh an comhaontú chun an Comhaontú le Ríocht Haisimíteach na hIordáine a leasú agus a fhorlíonadh an 7 Iúil 2025.

4. An 17 Nollaig 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14284/24 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 14277/24
[4] 14289/24